GAEILGE IORRAIS

Gaeilge Iorrais f/ch Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile

Oifigeach Pleanála Teanga

Tá post ar conradh mar Oifigeach Pleanála Teanga á thairiscint ag Gaeilge Iorrais f/ch Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Teo chun saoire mháithreachais a chlúdach.

Is é Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile i gcomhar le Gaeilge Iorrais atá freagrach as an bplean teanga do LPT Mhaigh Eo Thuaidh a chur i bhfeidhm. Ullmhaíodh an plean mar chuid den phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht agus i gcomhréir le forálacha Acht na Gaeltachta 2012. Is plean seacht mbliana atá i gceist a bhfuil mar aidhm aige cur leis an líon cainteoirí laethúla Gaeilge san LPT. Is ar an Oifigeach Pleanála Teanga a bheidh an phríomhfhreagracht an plean a chur i bhfeidhm.

Is conradh ar théarma seasta 6 mhí atá á thairscint chun saoire mháithreachais a chlúdach. Beidh an té a cheapfar freagrach as cur i bhfeidhm bearta an phlean teanga. Beidh an té a cheapfar fostaithe ag Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Teo agus freagrach don cheanneagraíocht / comharchumann agus Gaeilge Iorrais maidir le clár oibre aontaithe a fheidhmiú. Deis iontach atá anseo taithí a fháil ag obair i réimse na Gaeilge agus na forbartha pobail, taithí a sheasfaidh leis an té a gheobhaidh é dá s(h)aol gairmiúil amach anseo.

Duine cumasach fuinniúil a bhfuil taithí agus cáilíochtaí aige/aici i réimse oibre na pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar atá á lorg, le meas agus suim aige/aici i gcur chun cinn na Gaeilge.

Fáilteofar roimh iarratas ó dhaoine leis an taithí agus cáilíochtaí seo a leanas:

- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa.
- Cáilíocht ábhartha triú leibhéal sa réimse pleanála teanga nó in ábhar gaolmhar.
- Tuiscint agus taithí mhaith ar chúrsaí pleanála teanga, ar fhorbairt pobail agus i bplé le coistí/struchtúir phobail.
- Taithí i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal, mar aon le heolas agus taithí ar bhainistiú airgeadais.
- Scileanna maithe cumarsáide, áistheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta.
- Bheith in ann oibriú as a stuaim féin.

Beidh 37 uair oibre sa tseachtain i gceist le cúraimí an phoist lánaimseartha seo agus beidh freastal ar cruinnithe taobh amuigh de gnáth uaireanta oibre mar chuid de na cúraimí sin. Beidh taisteal i gceist leis an bpost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu.

Tá scála tuarastal ó €30,000 go €42,500 ag gabháil leis an bpost.

Tá an plean teanga don LPT le fáil ar shuíomh gréasáin Gaeilge Iorrais ag www.gaeilgeiorrais.ie

Seoltar litir iarratais mar aon le Curriculam Vitae, **roimh Dé Máirt 01 Meitheamh 2021** chuig:

An Cathaoirleach, Gaeilge Iorrais f/ch Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Teo, An Eachléim, Fód Dubh, Co. Mhaigh Eo. Teil: 097 29023 Ríomhphost: gaeilgeiorrais@gmail.com

Údarás na Gaeltachta

Ionad Deirbhile
Eachléim, Fód Dubh, Co Mhaigh Eo
Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo
eolas@ionaddeirbhile.ie - www.ionaddeirbhile.ie - 097 85727

Gaeltacht na hÉireann

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
An Próiseas Pleanála Teanga